**Tá Bord Bainistíochta Ghaelcholáiste Reachrann tar éis glacadh leis an bpolasaí seo chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus chun dul i ngleic leis.**

Comhlíonann an polasaí seo go hiomlán na ceanglais atá leagtha síos i *Bí Cineálta: Nósanna Imeachta chun Iompar Bulaíochta a Chosc agus a Láimhseáil i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iar-Bhunscoile 2024.*

Aithníonn an Bord Bainistíochta go gcuireann iompar bulaíochta isteach ar chearta an pháiste mar atá leagtha amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh. Tá freagracht orainn go léir mar phobal scoile oibriú le chéile chun iompar bulaíochta a chosc agus chun dul i ngleic leis, agus chun dul i ngleic leis an tionchar diúltach a bhíonn ag iompar den sórt sin.

Táimid tiomanta do chinntiú go gcoinnítear gach dalta atá ag freastal ar ár scoil slán ó aon dochar, agus go bhfuil folláine ár ndaltaí i gcroílár gach rud a ndéanaimid. Aithnímid an drochthionchar a bhíonn ag iompar bulaíochta ar shaol ár ndaltaí agus táimid go hiomlán tiomanta do iompar den sórt sin a chosc agus dul i ngleic leis.

Deimhnímid go nglacfaimid, de réir ár ndualgas faoi reachtaíocht na comhionannais, gach céim réasúnta indéanta chun ciapadh ar dhaltaí nó ar bhaill foirne a chosc, bunaithe ar aon cheann de na naoi gcúis seo a leanas: inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus ballraíocht den Lucht Siúil.

# 2. Roinn 2: Forbairt/athbhreithniú ar ár bpolasaí Bí Cineálta chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul I ngleic léi

Tugadh deis do gach ball dár bpobal scoile ionchur a bheith acu i bhforbairt/athbhreithniú an pholasaí seo.

| | Dáta an chomhairliúcháin | Modh comhairliúcháin |
|---|---|---|
| Foireann na Scoile | Aibreán 2025<br><br>Bealtaine 2025 | Suirbhéireacht<br><br>Cruinniú Foirne (1/2 lá oiliúna) |
| Scoláirí | Bealtaine 2025 | Suirbhéireacht<br><br>Grúpa Focais |
| Tuismitheoirí | Aibreán 2025 | Suirbhéireacht<br><br>Grúpa Fócais |
| Bord Bainistíochta | Aibreán 2025<br><br>Bealtaine 2025<br><br>Meitheamh 2025 | Eolas roinnte leis an mbord faoin ½ lá oiliúna Aibreán 2025<br><br>Polasaí roinnte leis an mbord<br><br>Aiseolas roinnte leis an mbord<br><br>Polasaí daingnithe ag an mbord |
| Pobal na scoile i gcoitinne (de réir mar is cuí mar shampla tiománaithe bus) | Bealtaine 2025 | Suirbhéireachta ar an bhFoireann cothabhála |
| An dáta ar faomhadh an polasaí: | | |
| An dáta is déanaí a ndearnadh athbhreithniú ar an bpolasaí: N/A Polasaí daingnithe ag an mBord Bainistíochta ar ??? Meitheamh 2025 | | |

# AGUISÍN H

## Freagrachtaí na nDaltaí

## Achoimre ar Fhreagrachtaí na nDaltaí – Treoirlínte Bí Cineálta

### 1. Bí Cineálta agus Léirigh Meas

- Caith le gach duine le cineáltas, is cuma faoi dhifríochtaí.
- Úsáid teanga agus iompar measúil i gcónaí.
- Ceiliúraigh éagsúlacht i bpobal na scoile.

### 2. Seas An Fód i gCoinne Bhulaíocht

- Tabhair tuairisc ar bhulaíocht do dhuine fásta iontaofa nó do bhall foirne.
- Tacaigh le comhscoláirí atá ag fulaingt bulaíocht.
- Ná glac páirt ná spreag bulaíocht riamh.

### 3. Bain Úsáid Cúramach as Teicneolaíocht

- Bí cineálta agus measúil ar líne.
- Ná roinn teachtaireachtaí, íomhánna ná ráflaí a dhéanann dochar.
- Tabhair tuairisc ar chibearbhulaíocht láithreach.

### 4. Cuimhnigh ar Gach Duine

- Tabhair cuireadh do dhaoine eile páirt a ghlacadh i gcluichí, grúpaí nó comhráite.
- Tabhair faoi deara má tá duine fágtha ar lár agus déan rud éigin faoi.
- Cabhraigh le timpeallacht fáilteach a chruthú do chách.

### 5. Glac Freagracht as do Ghníomhartha

- Gabh leithscéal má ghortaíonn tú duine agus déan iarracht é a chur ina cheart.
- Foghlaim ó bhotúin agus fás uathu.
- Bí macánta agus cothrom i do chaidrimh le daoine eile.

